Polasaí Iontrála Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm

Tá polasaí iontrála Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm (''an Polasaí'') bunaithe ar phríomhfhorálacha an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais Leasaithe 2000, an Achta um Stádas Comhionann 2000 agus an Achta EPSEN 2004 chun cabhair a thabhairt do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí maidir le cúrsaí iontrála. Tá an Príomhoide, mar rúnaí an Bhord Bainistíochta, sásta aon ní eile a thagann as an bpolasaí seo a shoiléiriú.

Príomhaidhmeanna

Is í an phríomhaidhm atá i gceist le polasaí iontrála Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm ná comhionannas rochtana do gach dalta. Ní dhiúltófar d'aon dalta i ngeall ar chúinsí mar: eitneacht, riachtanais speisialta, míchumas, teanga/canúint, gnéas, stádas lucht siúil, stádas mar iarrthóir tearmainn nó mar theifeach, gnéaschlaonadh, creideamh, luachanna reiligiúnacha/polaitiúla ná cúinsí clainne/sóisialta**.**

1. IARRATASÓIRÍ BLIAIN 1

Gnáthamh Iontrála

- Iarrtar ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí atá ag iarraidh a bpáistí a chlárú sa chéad bhliain i gColáiste/nGaelcholáiste Choilm foirm iarratais chomhlánaithe chomh maith le haon doiciméid eile atá ag teastáil, mar shampla bille fóntais, mar chruthúnas ar sheoladh baile, a sheoladh go dtí an scoil roimh an dáta sonraithe i réamheolaire na scoile.

- Cuirtear in iúl d'iarratasóirí taobh istigh de 14 lá ón dáta sin an bhfuil áit faighte acu. Is gá d'iarratasóirí a chur in iúl don scoil i scríbhinn má tá siad ag glacadh leis an áit taobh istigh de 14 lá ón dáta a fhaigheann siad an tairiscint ón scoil.

- Chun go mbeidh iarratasóirí i dteideal áite i mbliain 1 is gá dóibh a bheith 12 bliain d'aois *ar nó roimh* 1 Eanáir na bliana ina mbíonn siad i mbliain 1.

- Mar chuid den chlárú, is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí glacadh i scríbhinn le cód iompair na scoile. Ní féidir glacadh leis an tairiscint áite mura gcuireann tuismitheoirí/caomhnóirí an toiliú seo ar fáil don scoil i scríbhinn.

  Ofráiltear áit d'iarratasóirí faoi réir:

  - ✓ Comhlíonadh na riachtanas chun a bheith i dteideal áite
  - ✓ Cloí leis na gnáthaimh iontrála
  - ✓ Infhaighteacht áiteanna

Cé go n-aithníonn Bord Bainistíochta Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm an ceart atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáistí a chlárú ina rogha scoil caithfidh an Bord meas a léiriú ar chearta phobal na scoile agus go mór mór daltaí atá cláraithe sa scoil faoi láthair. Is gá breithiúnas cothrom a thabhairt chun é sin a bhaint amach, bunaithe ar phrionsabail chearta nádúrtha agus ar leas na bpáistí. Ag tacú leis an scoil sna cásanna seo tá sé de cheart ag Bord Bainistíochta Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm an t-uasmhéid daltaí atá le clárú a chinntiú, ag cur na bpointí seo a leanas san áireamh:

- Spás sna seomraí ranga agus riachtanais sláinte agus sábháilteachta
- Infhaighteacht acmhainí teagaisc soláthraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
- Cumas na scoile riachtanais oideachais a sholáthar do na páistí
- Treoracha faoi uasmhéid daltaí sna ranganna

Sa chás go mbíonn líon na n-iarratas in aon bhliain amháin níos mó ná an líon áiteanna atá ar fáil (de bharr easpa spáis, múinteoirí nó acmhainní eile), úsáidtear na critéir iontrála seo a leanas chun páistí a chlárú, in ord tosaíochta:

<u>Coláiste Choilm</u>

1. **(i)** Deartháireacha agus deirfiúracha daltaí atá i gColáiste/nGaelcholáiste Choilm
   (ii) Deartháireacha agus deirfiúracha daltaí a d'fhreastail ar Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm
   (iii) Páistí fhoireann Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm

2. **(i)** An chéad pháiste sa chlann a fhreastalaíonn ar cheann de na scoileanna luaite in **(A)** agus a chónaíonn laistigh den scoilcheantar
   (ii) An chéad pháiste sa chlann a fhreastalaíonn ar cheann de na scoileanna luaite in **(B)** agus a chónaíonn laistigh den scoilcheantar**(iii)** An chéad pháiste sa chlann a fhreastalaíonn ar cheann de na scoileanna luaite in **(B)** agus atá ina chónaí i dTeamhair, i gCloch Reo nó i bPaidhc na gCiarraíoch

3. **(i)** Páistí a fhreastalaíonn ar cheann de na scoileanna a luaitear in **(A)** agus atá ina chónaí laistigh den scoilcheantar mar atá sainithe
   (ii) Páistí a fhreastalaíonn ar cheann de na scoileanna a luaitear in **(B)** agus atá ina chónaí i dTeamhair, i gCloch Reo nó i bPaidhc na gCiarraíoch

4. Páistí atá ina gcónaí laistigh den scoilcheantar, ach atá ag freastal ar bhunscoil lasmuigh den cheantar

5. Páistí atá ag freastal ar cheann de na bunscoileanna atá luaite, ach atá ina gcónaí lasmuigh den scoilcheantar mar atá sainithe

6. Páistí atá ina gcónaí agus atá ag freastal ar bhunscoileanna lasmuigh den scoilcheantar mar atá sainithe

Má ofráiltear áit do pháiste de bharr eolais chalaoisigh nó mhíthreoraigh, bainfear an tairiscint de/di.

Sa chás go mbíonn móriomlán na n-áiteanna atá ar fáil faoi aon cheann de na catagóirí thuasluaite níos lú ná an líon dalta sa chatagóir sin, dáilfear na háiteanna trí chrannchur.

(A)

Scoil Eoin
Scoil Mhuire
Scoil Barra
Gaelscoil Uí Ríordáin
Ovens National School
Ballinora National School
Gurranes National School
Goggins Hill National School

(B)

1. Cloghroe National School
2. Clogheen National School

<u>Gaelcholáiste Choilm</u>

1. **(i)** Deartháireacha agus deirfiúracha daltaí atá i nGaelcholáiste Choilm
(ii) Deartháireacha agus deirfiúracha daltaí a d'fhreastail ar Gaelcholáiste Choilm
(iii) Deartháireacha/deirfiúracha daltaí a fhreastalaíonn ar Choláiste Choilm a fhad is gur fhreastail siad ar bhunscoil lán-Ghaelach
(iv) Deartháireacha/deirfiúracha daltaí a d'fhreastail ar Choláiste Choilm a fhad is gur fhreastail siad ar bhunscoil lán-Ghaelach
(v) Páistí fhoireann Choláiste/Ghaelcholáiste Choilm

2. An chéad pháiste sa chlann a d'fhreastail ar Ghaelscoil Uí Ríordáin agus ar Ghaelscoil Uí Riada

3. Aon dalta eile atá ag freastal ar Ghaelscoil Uí Ríordáin nó ar Ghaelscoil Uí Riada

4. **(i)** An chéad pháiste sa chlann a d'fhreastail ar Ghaelscoil Mhuscraí
(ii) Aon dalta eile a d'fhreastail ar Ghaelscoil Mhuscraí

5. **(i)** An chéad pháiste sa chlann atá ag freastal ar Scoil Eoin, Scoil Mhuire, Scoil Barra, Ovens National School, Ballinora National School, Goggins Hill National School, Gurranes National School
(ii) Aon dalta eile atá ag freastal ar scoileanna atá ar liosta **5 (i)**

Má ofráiltear áit do pháiste de bharr eolais chalaoisigh nó mhíthreoraigh bainfear an tairiscint de/di.

Sa chás go mbíonn móriomlán na n-áiteanna atá ar fáil faoi aon cheann de na catagóirí thuasluaite níos lú ná an líon dalta sa chatagóir sin, dáilfear na háiteanna trí chrannchur.

Eagróidh an scoil seisiún eolais agus ionduchtaithe do dhaltaí nua agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí roimh thús na scoilbhliana nua.

2. BLIANTA EILE

Leantar na bunphrionsabail chéanna ag tairiscint áiteanna d'aon bhliain eile seachas bliain 1. Is féidir leis an scoil glacadh le hiarratais le linn na scoilbliana. D'fhéadfaí áit a dhiúltú sa scoil ar bhonn na gcúiseanna seo a leanas:

- Easpa spáis/áite ar fáil sa bhliainghrúpa cuí
- Gan na hábhair/roghanna cuí a bheith ar fáil le linn na bliana
- Iarratasóir a bheith cláraithe ag meánscoil eile agus gan cead a bheith aige/aici freastal ar an scoil sin de bharr cúiseanna smachtaithe

Tabharfar an polasaí iontrála seo do tuismitheoirí/chaomhnóirí daltaí atá ag iarraidh bogadh ó mheánscoil eile agus iarrtar orthu:

- Cloí le Príomhoide reatha chun Foirm Fiosrúcháin an Dalta a chomhlánú. D'fhéadfaí glao fóin a chur ar an bPríomhoide seo chomh maith chun an t-iarratas agus riachtanais reatha an dalta a phlé.
- Cóipeanna de thuairiscí scoile an dalta a chur ar fáil don scoil
- Glacadh le éiteas na scoile
- Glacadh i scríbhinn le cód iompair na scoile – i.e. tuismithteoirí/caomhnóirí

.

3. IDIRBHLIAIN / ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDMEACH

Déanfar cinneadh gach bliain maidir leis an líon áiteanna a thugtar don Idirbhliain agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach, ag cur clárúcháin uile na scoile san áireamh – mar aon leis na hacmhainní atá ar fáil don scoil.

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí daltaí sa tríú bliain (Teastas Sóisearach) teacht chuig seisiún eolais. I rith an tseisiúin sin tugtar treoracha ar an gcaoi le hiarratas a chur isteach le haghaidh áiteanna ar na cláir seo.
Beidh ar dhaltaí foirm iarratais a chomhlánú agus í a bheith istigh roimhe spriocdháta áirithe. Tá seans go mbeidh orthu dul i mbun agallaimh le Comhordaitheoir an Chláir. Tabharfaidh an

comhordaitheoir moladh don Phríomhoide faoi áit a thairiscint nó gan í a thairiscint don dalta. Beidh an cinneadh deiridh ag an bPríomhoide maidir le háiteanna a thairiscint.

4. PRÓISEAS ACHOMHAIRC

Tá sé de chead ag an scoil iarratas a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla – mar shampla, sa chás go mbeadh baol mór ann do shláinte agus do shábháilteacht daltaí agus d'fhoireann na scoile agus/nó do shealúchas na scoile nó sa chás go mbeadh riachtanais speisialta an dalta chomh mór sin nach bhféadfadh an scoil freastal ar an dalta ar bhealach ceart agus cóir, fiú amháin agus acmhainní breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna a bheith ar fáil.

Tugtar cead do thuismitheoirí/chaomhnóirí achomharc a lorg ar chinneadh a dhéanann an Bord Bainistíochta faoi dhiúltú áite sa scoil. Caithfidh aon achomharc a bheith i scríbhinn, seolta go dtí Cathaoirleach an Bhoird agus a bheith déanta laistigh de 14 lá ón dáta a fhaightear an litir diúltaithe.

Mura bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí sásta le toradh an achomhairc, tá sé de cead acu achomharc a lorg ar an gcinneadh ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus, ina dhiaidh sin, ó Ard-Rúnaí an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Beidh an polasaí seo in úsáid don scoilbhliain 2014/2015 agus glacann sé tús áite thar aon pholasai iontrála a bhí ann roimhe sin. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag deireadh na scoilbhliana 2014/2015.

**Má tá aon difríocht idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den pholasaí seo, tabharfar tosaíocht don leagan Béarla.*